Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15959/25**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2025/0543 (COD)**
**2025/0544 (CNS)**

**IND 546**
**RECH 521**
**COMPET 1236**
**MI 959**
**EDUC 475**
**TELECOM 431**
**ENER 625**
**ENV 1281**
**CLIMA 557**
**AGRI 644**
**TRANS 589**
**SAN 775**
**BIOTECH 40**
**CADREFIN 335**
**CODEC 1921**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11765/1/25 REV 1; 11749/25 |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle (Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás)) an 8-9 Nollaig 2025*<br>An Pacáiste Fís Eorpach: Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht 2028-2034<br>(a) An Clár Réime agus a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh<br>(b) Clár Sonrach chun Fís Eorpach a chur chun feidhme<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

Sa tuarascáil ar dhul chun cinn a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, cuirtear i láthair dearcadh na hUachtaránachta maidir leis an staid mar atá agus an dul chun cinn a rinneadh sa scrúdú ar na tograí thuasluaite sa dara leath de 2025. Rinneadh an tuarascáil a tharraingt suas faoi fhreagracht na hUachtaránachta agus tá sí gan dochar do phointí áirithe leasa agus d’aighneachtaí breise ó na toscaireachtaí ar leith.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, aird a thabhairt ar an tuarascáil seo ar dhul chun cinn agus í a chur ar aghaidh chuig an gComhairle (Iomaíochas) i bhfianaise an chruinnithe a bheidh aici ar an 9 Nollaig 2025.

# An Pacáiste Fís Eorpach: Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht 2028-2034
# (a) An Clár Réime agus a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh
# (b) Clár Sonrach chun Fís Eorpach a chur chun feidhme
# - Tuarascáil ar dhul chun cinn

## I. RÉAMHRÁ

1. Tá tréimhse chinniúnach roimh an Aontas Eorpach. Tá an margadh aonair fós neamhiomlán, mar gheall ar chastacht rialála agus bacainní náisiúnta, rud a bhaineann an bonn d'iomaíochas agus de chomhtháthú na hEorpa. Thairis sin, mar a léiríodh i dtuarascálacha Draghi, Letta agus Heitor, tá an tAontas taobh thiar sa taighde, sa nuálaíocht agus in infheistíochtaí gaolmhara i gcomparáid le hiomaitheoirí domhanda, rud a chaitheann amhras ar cheannaireacht theicneolaíoch agus uathriail straitéiseach an Aontais.

2. Tá cor cinniúnach roimh an Aontas, agus is tábhachtaí ná riamh na hiarrachtaí taighde agus nuálaíochta a dhéanfar amach anseo. I ndomhan ina bhfuil an éiginnteacht ag dul i méid, mar aon le dúshláin agus géarchéimeanna domhanda, teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn go tapa, agus tírdhreach geopholaitiúil lán athruithe, tá ról lárnach ag taighde agus nuálaíocht phleanáilte mharthanach chun na dúshláin atá ann a thuiscint, agus chun na réitigh a fhorbairt agus máistreacht a fháil ar na teicneolaíochtaí a mhúnlóidh an todhchaí. Is gá, dá bhrí sin, freagairt ar na dúshláin sin trí straitéisí agus infheistíochtaí cliste agus comhpháirteacha, trí leas a bhaint as an nuálaíocht agus trí bhunchlocha Aontais athléimnigh a neartú chun ár slándáil, ár rathúnas agus ár n-iomaíochas amach anseo a áirithiú.

3. Tá comhar níos láidre de dhíth ar an Aontas. Ós rud é gurb é an comhar an neart is mó atá ag an Eoraip, tá réamhriachtanais ag an Aontas agus ag a Bhallstáit ceannaireacht eolaíoch agus theicneolaíoch na hEorpa a athbheochan agus an nuálaíocht is gá a sholáthar chun dul i ngleic leis na dúshláin atá romhainn. Ní mór don chéad Chlár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht eile de chuid Fís Eorpach a bheith ar thús cadhnaíochta chun an cuspóir sin a bhaint amach, ag obair i ndlúthshineirge le cláir eile faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile. Ní mór a áirithiú leis an gcéad CAI eile go n-úsáidfear torthaí taighde agus nuálaíochta den scoth a bhainfear amach san Eoraip laistigh den Aontas, lena gcuirfear réitigh phraiticiúla ar fáil dá shaoránaigh agus lena n-osclófar margaí nua dá thionscal.

## II. <u>CÚLRA</u>

4. An 16 Iúil 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún dhá thogra ghaolmhara: ceann amháin chun Fís Eorpach agus an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (an Clár Réime)[1] a bhunú, agus ceann eile le haghaidh Clár Sonrach lena gcuirtear Fís Eorpach chun feidhme (an Clár Sonrach)[2].

5. Tá an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh i bParlaimint na hEorpa freagrach as na tograí sin. Ceapadh Christian Ehler (EPP, DE) mar rapóirtéir don Chlár Réime, agus ceapadh René Repasi (S&D, DE) mar rapóirtéir don Chlár Sonrach

6. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, leis an gCúirt Iniúchóirí agus le Coiste na Réigiún chun tuairimí a fháil maidir leis an gClár Réime.

## III. <u>STAID NA HIMEARTHA</u>

7. Tionóladh an chéad seisiún neamhfhoirmiúil tuairimíochta i ndáil leis na tograí ón gCoimisiún maidir le Fís Eorpach ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag Airí um Thaighde agus Nuálaíocht an 17 Iúil 2025 i gCóbanhávan.

---

[1] Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, le haghaidh na tréimhse 2028-2034 lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695 (11765/25).

[2] Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht le haghaidh na tréimhse 2028-2034, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh faoin gClár sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2021/764 (11749/25).

8. Rinne an Coimisiún cur i láthair don Mheitheal um Thaighde maidir leis an gClár Réime agus an Clár Sonrach an 24 Iúil agus an, 1, an 4, an 8, an 11, an 15, an 18, an 22 agus an 25 Meán Fómhair ina raibh deis ag na toscaireachtaí soiléirithe a lorg. Tar éis na soiléirithe a chuir an Coimisiún ar fáil, lean an Mheitheal um Thaighde ar aghaidh leis an scrúdú ar an togra.

9. Rinneadh mionscrúdú ar na tograí an 6, an 9, an 13, an 16 agus an 27 Deireadh Fómhair agus an 3, an 6, an 10, an 14, an 17, an 20, agus an 27 Samhain 2025. Chun na críche sin, rinneadh téacs na dtograí a struchtúrú ina sé bhloc ina gcomhcheanglaítear forálacha de chuid an Chláir Réime agus an Chláir Shonraigh atá gaolmhar ó thaobh téama de, mar seo a leanas:

- Bloc 1 – Forálacha ginearálta: Clár Réime (Airteagail 1-10 agus 35-37) agus Clár Sonrach (Airteagail 1-4 agus 18-21);
- Bloc 2 – Colún I – Eolaíocht den Scoth: Clár Réime (Airteagail 12-14) agus Clár Sonrach (Airteagail 6-10);
- Bloc 3 – Colún II – Iomaíochas agus an tSochaí, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí Eorpacha: Clár Réime (Airteagail 11 agus 15) agus Clár Sonrach (Airteagail 5 agus 11);
- Bloc 4 – Colún III – Nuálaíocht: Clár Réime (Airteagail 16, 17, agus 34) agus Clár Sonrach (Airteagail 12 agus 13);
- Bloc 5 – Colún IV – an Limistéar Eorpach Taighde: Clár Réime (Airteagail 18 agus 19) agus Clár Sonrach (Airteagail 14-17);
- Bloc 6 – Rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh na dtorthaí: Clár Réime (Airteagail 20-33).

10. Níor cuireadh an téacs idir lúibíní cearnacha san áireamh sa phlé[3].

[3] Clár Réime: Airteagal 1(2) (Ábhar), Airteagal 6 (Buiséad) agus Aithris 31 chomhfhreagrach, Airteagal 19 (Rannpháirtíocht a Mhéadú), Aithris 36 (Rialachán Feidhmíochta); Clár Sonrach: Airteagal 1(2) (Ábhar), Airteagal 3 (Buiséad), Airteagal 4(3) (Clár oibre).

11. Ina theannta sin, bhí díospóireachtaí beartais ag an Uachtaránacht maidir le réimsí téamacha tiomnaithe ag cruinnithe na Comhairle Iomaíochais an 30 Meán Fómhair agus an 9 Nollaig 2025 lena gcumhdaítear ábhair an taighde agus na nuálaíochta le haghaidh dé-úsáide, slándála agus cosanta chomh maith le tosaíochtaí straitéiseacha do thaighde agus nuálaíocht na hEorpa, lena n-áirítear béim ar chomhpháirtíochtaí a bheidh ann amach anseo.

## IV. <u>AN DUL CHUN CINN A RINNEADH</u>

12. Bhí sé d'aidhm ag an Uachtaránacht tuiscint chríochnúil a fháil ar na tograí agus ar an mbaint atá acu leis an togra maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas (CEI) agus dlús a chur leis an gcaibidlíocht chun an téacs a chomhchuibhiú agus a chomhdhlúthú a mhéid is féidir. Is é an aidhm a bhí ann cur leis an taithí a fuarthas roimhe seo agus, ag an am céanna, díriú níos mó ar ghnéithe nua na dtograí. Chun soiléireacht a áirithiú, tugadh aird ar leith ar phlé struchtúrtha maidir le saincheisteanna sonracha, le tacaíocht ó nótaí machnaimh ón Uachtaránacht, agus ar na príomh-shaincheisteanna ar gá aird bhreise a thabhairt orthu sa chaibidlíocht atá le teacht a chúngú. I gcásanna áirithe, inar gá soiléiriú agus caibidlíocht níos doimhne, cuireadh an téacs i gcló iodálach agus i gcló trom. Chuir an Coimisiún páipéir leathoifigiúla úsáideacha ar fáil freisin le linn na caibidlíochta.

13. Leag an Uachtaránacht béim ar na treoirphrionsabail seo a leanas chun cuidiú leis an gcaibidlíocht a stiúradh:

- smaointeoireacht nuálach a spreagadh trí fhoghlaim ón am a chuaigh thart chun conair nua a lorg;
- codanna faoi shainordú na Meithle um Thaighde a chomhdhlúthú agus idirnaisc leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas nua a shoiléiriú agus seasamh a ghlacadh ina leith;
- na sonraí is gá sa Rialachán a áirithiú chun solúbthacht shaincheaptha a cheadú ina chur chun feidhme trí chláir oibre; agus
- athrá ó ghníomhartha reachtacha eile a sheachaint mura bhfuil gá le heisceachtaí nó le sonraíochtaí.

14. Tá an chaibidlíocht maidir le Fís Eorpach fite fuaite freisin sa chaibidlíocht níos leithne i ngrúpaí eile CAI. Tá buiséad foriomlán CAI agus na príomhchodanna idir lúibíní cearnacha sa togra maidir le Fís Eorpach, mar shampla, an chuid a bhaineann le rannpháirtíocht a mhéadú agus barr feabhais a scaipeadh, critéir dhámhachtana agus rátaí roghnúcháin agus cistiúcháin á gcaibidil sa Mheitheal *ad hoc* maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil. Ina ainneoin sin, tá na Ballstáit ag iarraidh go ndéanfaí miondealú buiséid ar an mbuiséad foriomlán le haghaidh Fís Eorpach maidir lena fho-chomhpháirteanna. Déanann an foghrúpa maidir le CEI leabhar na rialacha coiteanna a chaibidil, chomh maith le rialachas agus ábhar na ngnéithe beartais.

15. Gné mhór anaithnid fós is ea an fhaisnéis leantach a d'iarr an Coimisiún ina leagfar amach an sásra stiúrtha agus an uirlis um chomhordú iomaíochais, rud a mheastar a rannchuideoidh le socrú tosaíochtaí ón mbarr anuas agus le hailíniú idir cláir. Ní léir ach oiread a mhéid a bheidh na Ballstáit rannpháirteach ann ná an leibhéal ar a mbeidh siad rannpháirteach.

**Saincheisteanna trasearnálacha:**

16. **Struchtúr an Chláir Réime:** Go ginearálta, níor ceistíodh struchtúr foriomlán an Chláir Réime, atá bunaithe ar cholúin. Go dtí seo, níor mheas nó níor iarr ach líon beag Ballstát go n-aistreofaí codanna sonracha chuig colún eile, mar chuid thrasearnálach den chlár, nó chuig cláir eile de chuid an Aontais, an Ciste Eorpach um Iomaíochas go príomha.

17. **Solúbthacht agus intuarthacht**: Díríodh ar chreat a dhearadh lena mbaintear an chothromaíocht cheart amach idir solúbthacht agus intuarthacht. Is é an aidhm atá ann cothromaíocht dhinimiciúil a bhaint amach, an nuálaíocht a chothú agus, ag an am céanna, creat rialála soiléir iontaofa a chur ar fáil tríd an téacs a chuíchóiriú agus soiléireacht bhreise a chur leis i gcás inar gá sa Chlár. Ar cheann de na príomhcheisteanna atá fós gan réiteach is ea an rialachas foriomlán maidir leis an bpróiseas socraithe tosaíochtaí agus rannpháirtíocht na mBallstát ann. Ar an gcúis sin, cuireadh ionadchoinneálaí isteach sa Chlár Sonrach chun próiseas foriomlán straitéiseach socraithe tosaíochtaí a shainiú lena n-áirithítear ról comhairleach láidir do na Ballstáit, agus ar an gcaoi sin rannpháirtíocht agus tacaíocht na mBallstát a áirithiú.

18. **An Simpliú:** Is príomhthosaíocht é an simpliú a chur i gcrích chun tairbhe na n-iarratasóirí agus na dtairbhithe. Ar an gcúis sin, tugtar isteach prionsabal cothrománach chun na hualaí riaracháin a laghdú. Anuas air sin, cuireadh roinnt de na bearta simpliúcháin atá beartaithe, (mar shampla úsáid cnapshuimeanna agus costais aonaid le haghaidh pearsanra ar bhonn réamhshocraithe), faoi chló iodálach trom ar mhaithe le tuilleadh plé a dhéanamh orthu chun an creat is fearr a chur ar fáil. Cé go ndéanfar cinneadh maidir le go leor de na bearta simpliúcháin ag céim an chur chun feidhme, tá sé ríthábhachtach go mbeadh treoir shoiléir ar fáil sa Chlár Fís Eorpach. Tosaíocht eile maidir leis an simpliú is ea na rialacháin a chuíchóiriú chun a áirithiú go bhfuil siad soiléir, chun athrá nach bhfuil gá leis a sheachaint, agus chun solúbthacht a thabhairt maidir lena gcur chun feidhme.

19. **An idirdhisciplíneacht, lena n-áirítear comhtháthú na n-eolaíochtaí sóisialta agus na ndaonnachtaí (ESDanna)**: Tá ailíniú iomlán ann maidir leis an ngá atá le cineálacha cur chuige ildisciplíneacha a áirithiú agus foráil a dhéanamh maidir le ESDanna a chomhtháthú i ngach cuid den Chlár Réime. Cuirtear an méid seo i dtábhacht a thuilleadh i gColún II, ‘An tIomaíochas agus an tSochaí’ d’fhonn a áirithiú go mbeidh na torthaí comhoibríocha T&N is gá ann, ionas go mbeidh an tAontas in ann na dúshláin atá roimhe a shárú. Ina theannta sin, sonraíodh a thuilleadh an gá atá le glaonna sonracha ar thograí maidir le hábhair a bhaineann le ESDanna.

20. **An comhlachas:** Tá gné eile ag baint le comhlachas tríú tíortha leis an gClár Réime i bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil reatha, mar aon leis an Aontas a bheith ag titim ar gcúl sa T&N agus i bhfianaise an Chláir Réime á oscailt don dé-úsáid. Chun aghaidh a thabhairt air sin, comhchuibhríodh an t-airteagal maidir leis an gcomhlachas i gcláir uile CAI, ag tógáil ar na ceithre chatagóir aitheanta de thríú tíortha ach béim níos mó á leagan ar chostais chomhroinnte chomhlachais, ar an gcothromaíocht chóir, ar cheart an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais, agus gan aon chumhacht chinnteoireachta a thabhairt do thríú tíortha maidir leis an gClár. Is é an dúshlán a bheidh anseo don Chlár Réime cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le comhar a dhéanamh le roinnt tíortha nach bhfuil aon bhuntáiste comhlachais ag baint leo *vis-à-vis* bearta slándála taighde a chur i bhfeidhm ar thíortha i gcatagóirí eile a bhfuil buntáistí comhlachais ag baint leo. Gné eile atá bainteach is ea na dlúthpháirtithe iontaofa agus a n-acmhainneacht chun comhar a dhéanamh agus páirt iomlán a ghlacadh sna tairbhí frithpháirteacha. Thairis sin, tá sé beartaithe go reáchtálfaidh Fís Eorpach agus CEI scéimeanna comhlachais éagsúla a d’fhéadfadh bacainní a chruthú don timthriall nuálaíochta comhtháite a bhfuiltear ag dréim leis.

21. **An dé-úsáid:** I bhfianaise na mear-athruithe geopholaitiúla agus na forbairtí teicneolaíocha, osclaíodh suas an Clár Réime chun tacú leis an dé-úsáid. Leis sin, tugtar isteach athrú ar an raon feidhme i gcomparáid leis an gClár Réime reatha. Dá bhrí sin, le breis caibidlíochta, ba cheart idirdhealú soiléir a dhéanamh idir acmhainneacht agus tacaíocht dé-úsáide agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcosaint amháin. Chun tairbhe a bhaint as an mborradh is féidir leis an dé-úsáid a thabhairt don T&N, ní mór an clár réime ceart a shainiú ionas nach mbeidh srianta neamhriachtanacha ná riarachán trom i gceist.

22. **An tslándáil taighde:** Rioscaí a bhainistiú is aidhm don tslándáil taighde, mar shampla, aistriú neamh-inmhianaithe na teicneolaíochta criticiúla, an tionchar urchóideach ar thaighde, sáruithe eiticiúla nó sláine agus bunphrionsabail T&N, arb iad bunús an Limistéir Eorpaigh Taighde iad, á gcomhlíonadh ag an am céanna. Beidh ceist na slándála taighde ina dlúthchuid den chaibidlíocht maidir le príomh-shaincheisteanna atá fós gan réiteach.

**Na naisc le CEI:**

23. Tá an togra maidir le Fís Eorpach agus an togra maidir le CEI fite fuaite ina chéile i roinnt réimsí, agus an dá thogra tiomnaithe borradh a chur faoi shaolré na nuálaíochta. Leis sin, beidh T&N in ann aistriú chuig réitigh úsáide agus táirgí indíolta, agus áiritheofar ag an am céanna, go gcuirfear na dúshláin úsáide san áireamh i réimse an taighde. Ba cheart tosaíochtaí téamacha don dá chlár a bheith idirspleách ar feadh shaolré na nuálaíochta chun an tionchar is mó a bheidh ag na hinfheistíochtaí poiblí a ráthú. Tá fáil ar na príomhnaisc i gcodanna éagsúla de thogra Fís Eorpach:

24. Gnéithe beartais (Airteagal 15 den Chlár Réime agus Airteagal 11 den Chlár Sonrach): Nascann na hairteagail sin na gníomhaíochtaí comhoibríocha T&N faoi chomhpháirt iomaíochais Cholún II Fís Eorpach le gnéithe beartais ECF, agus mínítear an chúis a dtagann siad faoi chuid thiomnaithe T&N de chlár oibre CEI do na gnéithe beartais faoi seach. Bainfidh na gníomhaíochtaí faoi ghnéithe beartais CEI tairbhe freisin as an T&N comhoibríoch a dhéantar faoi chomhpháirt na sochaí Cholún II, agus *vice versa*, ós rud é go bhfuil forbairtí i bhfianaise an iomaíochais agus na sochaí i gcoitinne idirspleách ar a chéile.

25. **Misin agus Saoráid Bauhaus Eorpach Nua (NEB)**: Ní mór nasc láidir a chothú idir na cúig Mhisean reatha agus NEB sa chlár Fís Eorpach agus in CEI chun a áirithiú go leanfar de phríomhinfheistíochtaí T&N ón CAI reatha a chur in úsáid. Áiritheofar leis an nasc sin go dtabharfar nuálaíochtaí luachmhara chun an mhargaidh agus go gcuirfear in úsáid go héifeachtach iad.

26. **Comhpháirtíochtaí Eorpacha** (Airteagal 11 den Chlár Réime agus Airteagal 5 den Chlár Sonrach): Leagtar amach sna hairteagail sin an nasc idir comhpháirtíochtaí Eorpacha amach anseo agus gnéithe beartais CEI. D'fhéadfadh dlúthbhaint a bheith ag na comhpháirtíochtaí roghnaithe leis na gnéithe beartais agus is bealach breise a bheidh iontu chun cistiú poiblí agus príobháideach a ghiaráil feadh shaolré na nuálaíochta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna.

27. **An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE)** (Airteagal 16 agus Airteagal 34 den Chlár Réime agus Airteagal 12 den Chlár Sonrach): Tá CNE fite fuaite le InvestEU agus leis an tSaoráid um Uas-scálú in CEI. Cuireadh isteach aithris nua (15c) chun a áirithiú go n-oibreoidh an chomhlántacht agus an t-aistriú idir na hionstraimí sin go furasta go háirithe maidir le cuideachtaí a fhorbraíonn teicneolaíochtaí a bhfuil leas straitéiseach don Aontas ag baint leo.

28. **Feidhmeanna cosanta**: Maidir le CNE, tagraítear in Airteagal 16 do thacaíocht a thabhairt do theicneolaíochtaí criticiúla le haghaidh feidhmeanna cosanta faoin gclár Fís Eorpach. Le plé go fóill ag na Ballstáit, tá an tsaincheist maidir le cé mar is ceart na gníomhaíochtaí sin a mhaoiniú, mar shampla, an bhfuil ag an maoiniú teacht ó sciar na cosanta in CEI nó an ceart tacú leis na gníomhaíochtaí sin trí InvestEU, ag tógáil ar an bhfaisnéis a fuarthas trí chistiú domhainteicneolaíochta in CNE.

29. **Scaipeadh agus luachshocrú** (Airteagal 32 den Chlár Réime): Déantar crostagairt san Airteagal sin d'uirlisí CEI lena bhfreastalaítear ar straitéis luachshocraithe CEI agus féadfaidh an Coimisiún iad a chur i bhfeidhm i gcás nach ndéanfaidh an tairbhí a sheacht ndícheall a dtorthaí a luachshocrú.

30. **Bearta slándála**, (Airteagal 20 den Chlár Réime lena dtagraítear go díreach d'Airteagail 10(2) agus 10(3) de chuid CEI maidir le Fabhar AE, d'Airteagal 13 maidir le Cur i bhfeidhm na rialacha maidir le Faisnéis Rúnaicmithe agus d'Airteagal 20 maidir le Gníomhaíochtaí Luathaithe agus Spriocdhírithe le haghaidh Iomaíochais): Is féidir na hairteagail seo as CEI a úsáid in aon chuid de chlár oibre Fís Eorpach de réir mar is ábhartha chun uathriail straitéiseach agus ceannasacht theicneolaíoch an Aontais a chosaint. Saincheist atá fós gan réiteach an leor é sin i bhfianaise shainiúlachtaí na slándála taighde.

31. Táthar ag súil go ndéanfar tuilleadh plé i bhfoghrúpa *ad hoc* na Meithle CEI maidir le leas straitéiseach CEI a úsáid freisin chun bonneagair thaighde agus theicneolaíochta a bhfuil leas straitéiseach ag baint leo d'iomaíochas an Aontais a choinneáil ar bun. Pointe tábhachtach amháin ina bhfuil comhairleoireacht dhlíthiúil i leith chomhlíonadh an Chonartha fós á lorg is ea an Clár Sonrach um T&N i réimse na cosanta ar Clár Sonrach de chuid Fís Eorpach é, ach a cuireadh san áireamh i ngné bheartais CEI maidir le hathléimneacht agus slándáil, cosaint, tionscal agus spás, agus atá gan buiséad tiomnaithe sonrach.

## V. <u>TUAIRISCIÚ MIONSONRAITHE DE RÉIR AN BHLOIC CAIBIDLÍOCHTA</u>

32. Sa mhéid a leanas, leagtar béim ar na príomhathruithe a tugadh isteach chun bunchloch an chláir a neartú i gcás gach ceann de na sé bhloc.

**Bloc 1: Forálacha ginearálta**

33. Tugadh isteach roinnt athruithe suntasacha chun bunchloch an Chláir Réime a neartú.

34. Sa **Chlár Réime**, rinneadh Airteagal 2, lena soláthraítear sainmhínithe, a athbhreithniú agus a leathnú go leanúnach le sainmhínithe nua ábhartha chun tacar sainmhínithe spriocdhírithe a sholáthar don Chlár. Rinneadh é seo agus aird á tabhairt nár cheart sainmhíniú a thabhairt ach ar na téarmaí a úsáidtear sa rialachán agus orthu sin amháin agus gan athrá a dhéanamh ar shainmhínithe as rialacháin eile. In Airteagal 3, rinneadh athbhreithniú ar chuspóirí foriomlána an Chláir Réime chun creat níos láidre a leagan síos. Is ar na boinn eolaíocha agus theicneolaíocha a neartú is mó a dhírítear anois, trí T&N den scoth bunaithe ar iomaíocht oscailte d’fhonn tacú leis an iomaíochas, leis an rathúnas, leis an gceannasacht agus leis an athléimneacht freisin. Tacaítear an athuair le cur i gcrích an Limistéir Eorpaigh Taighde, le hoiliúint agus le soghluaisteacht taighdeoirí, le cúrsaíocht daoine oilte a spreagadh agus imirce daoine oilte a chomhrac. In Airteagal 4, ina leagtar amach struchtúr an chláir, modhnaíodh comhpháirt na sochaí de cholún an iomaíochais agus na sochaí, chomh maith le caibidil LET. In Airteagal 5 maidir le prionsabail chothrománacha, cuirtear béim as an nua ar shlabhra luacha T&N, lena n-áirithítear go gcuimsítear leis an gclár idir thaighde bunúsach agus nuálaíocht cheannródaíoch agus go gceadaítear leis an méid sin ceangal láidir le CEI chun glacadh agus cur in úsáid torthaí a chothú. Cuireadh simpliú na bpróiseas riaracháin san áireamh freisin, lena sonraítear go bhfuil an bhéim, thar aon ní eile, ar ualach na rannpháirtithe a mhaolú. Tugadh isteach gealltanas soiléir comhdheiseanna a chur chun cinn do gheallsealbhóirí T&N uile san Aontas ar mhaithe le cuimsitheacht, agus tá roinnt Ballstát ann, mar sin féin, ag iarraidh go gcuirfí prionsabal an fhairsingithe isteach arís go sainráite ón Rialachán atá ann faoi láthair maidir le Fís Eorpach. . Tugadh isteach cosaint chur chun feidhme an chomhionannais inscne, lena n-áirítear gné na hinscne a chomhtháthú in ábhar T&N, agus an tslándáil taighde a chaomhnú trí na rioscaí gaolmhara a bhainistiú, lena n-áirithítear go gcuirfear na prionsabail sin san áireamh sna gníomhaíochtaí T&N uile. Anuas air sin, chun an gealltanas is fearr is féidir agus an tionchar is mó a bhaint amach, sonraíodh an gá le sineirgí straitéiseacha a fhorbairt idir colúin Fís Eorpach agus a gcomhpháirteanna mar aon leis an gClár Réime a chur chun feidhme i sineirgíocht le cláir eile de chuid an Aontais.

35. Is forálacha caighdeánaithe cothrománacha iad cuid de na forálacha sa chuid seo (Airteagail 7, 8 agus 9) is coiteann do chlár de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, rinneadh an líon leasuithe ba lú arbh fhéidir agus tugadh isteach athruithe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna níos polaitiúla agus orthu sin amháin. In Airteagal 8, tugadh isteach an séala barr feabhais atá in úsáid faoi láthair, de bhun iarraidh ó thromlach na dtoscaireachtaí an séala iomaíochais nua atá beartaithe a ionadú nó é a chomhlánú ar a laghad. Leis an togra ón Uachtaránacht, d'fhéadfaí an dá shéala a úsáid chun cistiú breise a ghiaráil agus príomhbhrandáil gach séala á cur san áireamh, agus ní bheadh an mearbhall céanna ann is a bheadh dá mba ann do dhá shéala, mar a chuir roinnt Ballstát in iúl. In Airteagal 9, tugtar treoir don Choimisiún faisnéis a sholáthar ar bhonn bliantúil do Choiste an Chláir maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais ó thíortha comhlachaithe chun críche trédhearcachta agus forléargais.

36. Is den ríthábhacht é Airteagal 10 chun an Clár Réime a chur chun feidhme. Tá sé sonraithe gurb iad na deontais an príomhchineál tacaíochta a ba cheart a bheith ann i gcomhréir leis an gcleachtas reatha. Thairis sin, meabhraítear gur cheart go mbeadh an coiste meastóireachta comhdhéanta go hiomlán, nó, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, go páirteach, de shaineolaithe seachtracha neamhspleácha. Maidir le tabhairt isteach roghanna simplithe costais, cuir i gcás cnapshuimeanna agus costais aonaid le haghaidh pearsanra ar bhonn réamhshocraithe de chistiú ón Aontas, bhí na Ballstáit idir dhá chomhairle, agus amhras mór orthu go háirithe i leith na gcostas aonaid le haghaidh costais phearsanra ar bhonn réamhshocraithe.

37. Sa **Chlár Sonrach**, sonraítear in Airteagal 1 gur cheart go ndéanfaidh an Clár Réime na gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta a chur chun feidhme freisin d'fhonn tacú le gnéithe bheartais CEI. Ní dhearnadh aon athrú mór ar Airteagal 2 maidir leis na cuspóirí oibríochtúla seachas béim níos láidre a leagan ar shaothrú na dtorthaí T&N a spreagadh agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as bonneagair thaighde agus theicneolaíochta. Le hAirteagal 4, déantar liosta uileghabhálach seachas liosta táscach den ábhar le haghaidh cláir oibre. Is é is aidhm dó sin cur chun feidhm an chláir a dhéanamh níos soiléire agus níos structhúrtha lena n-áiritheofar gníomhaíochtaí níos intuartha agus níos sainithe sna cláir oibre chun a sheachaint go gcuirfí critéir bhreise isteach sna hiarrataí i ngan fhios do na Ballstáit. Sonraíodh freisin gur cheart nós imeachta maidir le hathbhreithniú meastóireachta a leagan amach. Cuireadh an tslándáil taighde le liosta na ngníomhaíochtaí a mbeadh feidhm ag rialacha sonracha maidir leo. Rinneadh líon na gclár oibre ar leithligh a ailíniú le struchtúr an chláir. Mar fhreagairt ar iarraidh a rinne na Ballstáit arís is arís eile go ndéanfaí a rannpháirtíocht níos láidre a shainiú i socrú na dtosaíochtaí, tugadh ionadchoinneálaí nua isteach i bhfoirm airteagal nua chun creat straitéiseach socraithe tosaíochtaí a bhunú, lena n-áiritheofar ról láidir comhairleach agus, dá réir sin, rannpháirtíocht agus tacaíocht na mBallstát. Tá foclaíocht an airteagail seo ar feitheamh go mbeidh tuilleadh faisnéise ann maidir leis an sásra stiúrtha agus an uirlis um chomhordú iomaíochais a d'fhógair an Coimisiún. In Airteagal 18 maidir leis an nós imeachta coiste, athraíodh teideal na foirmíochta ginearálta go 'foirmíocht straitéiseach' agus gabhann ról níos leithne leis feasta, is é sin, maoirseacht a dhéanamh ar chomhleanúnachas an chláir ar fud na gclár oibre aonair, lena n-áirítear le comhpháirtíochtaí Eorpacha. Rinneadh na fochoistí a ailíniú le struchtúr an chláir. Ina theannta sin, d'fhonn ról na mBallstát a threisiú, tugadh isteach an dá phointe seo a leanas: an clásal gan tuairim maidir leis an gclár oibre a ghlacadh agus an oibleagáid atá ar an gCoimisiún Coiste an Chláir a chur ar an eolas go rialta agus go luath sa dul chun cinn foriomlán maidir leis an gclár sonrach a chur chun feidhme.

**Bloc 2: Eolaíocht den Scoth**

*An Chomhairle Eorpach um Thaighde (CET)*

38. Go ginearálta, is é an príomhathrú a bhaineann le CET a rinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar an togra chun go mbeidh sé i gcomhréir leis an gcleachtas reatha agus leis an bhfoclaíocht reatha. Sa **Chlár Réime**, athdhearbhaíodh príomhchuspóir na Comhairle Eorpaí um Thaighde, lena n-áirítear díriú ar thaighdeoirí luathghairme. Rinneadh aithris 13 a mhodhnú, lena sonraítear gur cheart do CET na bealaí is mó a bhfuil gealladh fúthu a shaothrú san eolaíocht cheannródaíoch i ngach réimse agus a gur cheart di a bheith tiomanta don taighde ón mbun aníos atá faoi thionchar imscrúdaitheoirí trí iomaíocht oscailte atá bunaithe ar an mbarr feabhais agus air sin amháin.

39. Sa Chlár Sonrach, in Airteagal 6, socraíodh téarma oifige uachtarán CET go 4 bliana, ar féidir é a athnuachan uair amháin, i gcomhréir leis an gcleachtas reatha. Sonraíodh freisin gur cheart d’uachtarán CET 80 % ar a laghad den am oibre a chaitheamh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le CET, i gcomhréir leis an gcleachtas reatha. Ina theannta sin, scriosadh an tagairt do bheartais chorparáideacha an Choimisiúin, toisc go bhféadfaí míthuiscint a bhaint aisti ó thaobh neamhspleáchas CET de. In Airteagal 7, socraíodh suas le 22 chomhalta mar chomhdhéanamh Chomhairle Eolaíochta CET ionas gur féidir leis an gComhairle Eolaíochta feidhmiú fiú dá mbeadh líon níos lú daoine in oifig ag aon am ar leith. Rinneadh téarma oifige chomhaltaí na Comhairle Eolaíochta a ailíniú le téarma oifige an uachtaráin. Sonraíodh freisin go dtabharfar tacaíocht riaracháin in institiúidí baile don triúr leas-uachtarán, arna roghnú ag an gComhairle Eolaíochta, agus go gcúiteofaí comhlachtaí an Chomhairle Eolaíochta as na cúraimí a dhéanann siad. An léargas ar threochtaí taighde nó ar chúrsaí beartais a chuireann an Chomhairle Eolaíochta in iúl don Choimisiún, ní mór don Choimisiún iad a chur in iúl feasta do na Ballstáit. Sonraítear in Airteagal 7 freisin go bhfuil an for-rochtain agus an comhar Eorpach agus idirnáisiúnta tábhachtach chun infheictheacht CET a mhéadú do na taighdeoirí is fearr san Aontas agus sa chuid eile den domhan, i gcomhréir leis an gcleachtas atá ann faoi láthair freisin. In Airteagal 8, ní dhearnadh ach athrú amháin lena dtugtar treoir don Choimisiún foirmíocht Choiste Chlár CET a chur ar an eolas go rialta agus go tráthúil maidir le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí CET.

*Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska Curie*

40. Sa Chlár Réime, deimhnítear le hAirteagal 13 gurb é príomhaidhm ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (GMSC) tacú le gairmeacha taighde ag gach céim, agus béim ar leith a leagan ar thaighdeoirí luathghairme, agus an barr feabhais taighde ón mbun aníos a chothú, tallann taighde a fhorbairt agus a mhealladh. Athdhearbhaítear san airteagal an tacaíocht don mhalartú foirne taighde. Aistríodh an tagairt bhunaidh do bhreithnithe slándála go hAithris 14, ós rud é gur saincheist chothrománach í an bhéim ar shlándáil taighde agus nach mbaineann sí le gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie amháin.

41. Sa **Chlár Sonrach**, athdhearbhaítear in Airteagal 9 cineál ón mbun aníos chistiú GMSC agus sonraítear ann nach bhféadfaidh aon diall ón gcineál sin, is é sin gníomhaíochtaí áirithe a dhíriú ar thosaíochtaí téamacha sonracha, ar chineálacha institiúidí T&N, nó ar shuíomhanna geografacha, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus má bhíonn cistiú breise ó fhoinsí eile ar fáil. Scriosadh an mhír a thagraíonn do shineirgí le codanna eile den chlár seo toisc gur prionsabal cothrománach é. Mar chuid den chaibidlíocht maidir le GMSC, díríodh ar na comhéifeachtaí ceartúcháin tíre a úsáidtear chun dálaí fostaíochta iomaíocha tarraingteacha agus comhionannas chumhachta ceannaigh an luacha saothair a áirithiú de dheasca cháineadh a rinneadh go forleathan ar a mhodheolaíocht agus ar a mhinice a dhéantar é a nuashonrú.

*An tAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC)*

42. Sa **Chlár Réime**, sonraítear feasta in Airteagal 14 gur cheart don Airmheán Comhpháirteach Taighde a thacaíocht neamhspleách, a eolas fianaise-bhunaithe agus tacaíocht eolaíochta a sholáthar freisin do na Ballstáit, i gcás inarb ábhartha. Sa **Chlár Sonrach**, níor tugadh isteach ach líon beag mionathruithe in Airteagal 10.

43. Dar leis an Uachtaránacht, tá leibhéal áirithe aibíochta bainte amach ag an gcolún sin ag an gcéim seo den chaibidlíocht, cé nach gciallaíonn sé sin go n-aontaíonn gach duine le gach rud ann. Is é an moladh atá ann iarrachtaí a dhíriú ar chodanna eile ar gá aird bhreise a thabhairt orthu, sula bhfillfear ar an gcolún sin arís.

**Bloc 3: Iomaíochas agus an tSochaí**

*Comhpháirtíochtaí Eorpacha*

44. Sa **Chlár Réime**, leagtar amach in Airteagal 11 dhá chineál comhpháirtíochta, arna mbunú ar mheabhrán tuisceana (MT) nó ar shocrú conarthach dá ngairtear comhghnóthas. Cé nach ionann é sin agus an Clár Réime atá ann faoi láthair, faoina bhfuil comhpháirtíochtaí comhchistithe bunaithe ar dheontais, d'fhéadfaí breathnú air mar shimpliú ar díol sásaimh é go dtí go mbeidh tuilleadh soiléireachta ann maidir leis an bpróiseas. Cuireadh mír 3a isteach chun an ceanglas a leagan amach go foirmiúil gur cheart aon chomhpháirtíocht Eorpach a bheith bunaithe ar chlár oibre straitéiseach um thaighde agus nuálaíocht ina leagtar amach tosaíochtaí téamacha, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo, agus treochlár comhfhreagrach. Cuireadh mír 5, pointe (ba) isteach chun a shonrú nár cheart comhpháirtíochtaí a chruthú ach amháin sa chás nach mbainfeadh bearta eile de chuid an Aontais na cuspóirí beartaithe amach. Cuireadh mír 5, pointe (-a) isteach chun dearbhú a thabhairt d'fhormhór na mBallstát maidir lena ról i sainaithint agus roghnú na gcomhpháirtíochtaí arna mbunú ar MT. Tá ceisteanna fós ann maidir le conas an bainistiú is fearr is féidir a dhéanamh ar na potaí fíorúla ionas nach ndéanfaidh gach Ballstát ach a rannpháirtithe féin a chómhaoiniú i dtionscadail. Ina theannta sin, ní mór a chinneadh conas a dhéanfaidh an tionscal ranníocaíocht airgeadais.

45. Sa **Chlár Sonrach**, in Airteagal 5, baineadh téacs a raibh roghnú comhpháirtíochta srianta aige don Choimisiún amháin ó mhír 1, pointe (a) chun sainaithint agus roghnú comhpháirteach leis na Ballstáit a chumasú. Le mír 1, pointe (a)(iii), socraítear an t-íoslíon comhpháirtithe rannpháirteacha i gcuibhreannas ag 10 mBallstát (40 % de na Ballstáit reatha uile) ós rud é gur iarr a bhformhór líon níos airde ná na cúig Bhallstát a moladh ar dtús. Ina theannta sin, i mír 1, pointe (a)(via), cuireadh straitéis sonraí isteach mar chritéar roghnúcháin, mar aon le lánpháirtiú FBManna agus lánpháirtiú gnólachtaí atá ag méadú i mír 1, pointe (a)(viia). I mír 1(aa)(xiiia), cuireadh isteach oibleagáid lena gceanglaítear ar an gCoimisiún sonraí ó mheasúnuithe a chomhroinnt le comhlachtaí an Aontais agus leis na Ballstáit, agus i mír 1, cuireadh isteach pointe (ab) lena soiléirítear gur cheart na Ballstáit a chur ar an eolas i leith aon ghníomhaíocht a dhéanfaidh an Coimisiún, i gcás neamhchomhlíonta. Iarrtar tuilleadh oibre agus plé go fóill sna hairteagail maidir le comhpháirtíochtaí.

*T&N comhoibríoch*

46. Ós rud é gur mheas go leor Ballstát go raibh comhpháirt na sochaí míshásúil, chuaigh an Uachtaránacht i gcomhar leo chun í a athstruchtúrú agus a chomhdhlúthú chun gur soiléire a bheadh sí, agus sainíodh a ról, a raon feidhme agus a hidirnasc le comhpháirt an iomaíochais. Cé go bhfuil dul chun cinn maith déanta, tá gá le tuilleadh oibre chun gné na sochaí a shonrú agus a neartú. Sainaithnítear in Airteagal 15 den **Chreatchlár** dhá chomhpháirt de thaighde agus nuálaíocht chomhoibríoch, ceann amháin maidir le hiomaíochas agus ceann eile maidir leis an tsochaí. Luaitear i mír nua go bhforbrófar an dá chomhpháirt ar bhealach comhleanúnach chun treisiú frithpháirteach agus cumhdach rianúil thírdhreach an taighde agus na nuálaíochta a áirithiú ar mhaithe le hAontas láidir athléimneach.

47. Luaitear in Airteagal 15 freisin tacaíocht leanúnach a d'fhéadfadh a bheith ann do ghníomhaíochtaí T&N de chuid na Misean atá fágtha agus do Shaoráid NEB, agus ní bhaineann sé a thuilleadh le comhpháirt na sochaí amháin. Sa dá chás, leag na Ballstáit béim ar an ngá atá le naisc láidre a bhunú le cláir ábhartha eile de chuid an Aontais, go háirithe le CEI, chun glacadh agus luachshocrú éifeachtach na dtorthaí taighde a áirithiú, i gcomhréir le cuspóirí bunaidh na Misean agus i bhfianaise an dlúth-ailínithe idir na Misin agus gnéithe bheartais CEI freisin. Aon ghníomhaíocht eile atá nasctha leis na Misin, is féidir tacú leo i gcláir oibre Fís Eorpach. Ar an gcaoi chéanna, thug roinnt Ballstát dá n-aire gurb é an réiteach is simplí maidir le Saoráid NEB na gníomhaíochtaí T&N atá fágtha a chomhtháthú i gcláir oibre mar ábhair.

48. In Airteagal 11 den **Chlár Sonrach**, athscríobhadh an ghné shochaíoch chun 3 phríomhréimse a leagan amach chun claochlú sochaíoch a threorú: tuiscint a fháil ar athruithe geopholaitiúla, comhshaoil, teicneolaíocha agus daonlathacha agus ar fhianaise maidir le ceapadh beartas; sochaithe daonlathacha, córa agus slána a chothú; agus cultúir agus tionscail chruthaitheacha na hEorpa a chothú.

**Bloc 4: Nuálaíocht**

*An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE)*

49. Aidhm fhoriomlán amháin ab ea an t-idirnasc idir CNE agus CEI a shoiléiriú, go háirithe i bhfianaise InvestEU agus na saoráide méadaithe chun an raon feidhme agus an chomhlántacht cheart a shainiú agus an téacs a choigeartú dá réir. Chun na críche sin, cuireadh isteach aithris nua 15b. Ní mór leanúint den obair sin chun teacht ar an réiteach is fearr agus chun cur chun feidhme éifeachtúil a dhéanamh amach anseo. Sa chomhthéacs sin, tá mír 7 agus mír 10 d'Airteagal 34 den Chlár Sonrach, ina leagtar amach na cásanna eisceachtúla inar féidir le CNE idirghabháil a dhéanamh go fóill agus cistiú nó cistiú leantach a sholáthar do chuideachtaí atá iontaofa ó thaobh brabúis de, fós oscailte le haghaidh tuilleadh plé.

50. Sa **Chlár Réime**, sonraíodh raon feidhme CNE a thuilleadh, agus cuireadh le hAirteagal 16 chun an oibleagáid oibriú i gcomhlántacht fhrithpháirteach le hionstraimí CEI a shonrú. I gcás na ndeontas treo-aimsitheora, cuireadh isteach béim ar thaighde luathchéime. Is iad na cúraimí a cuireadh le liosta cúraimí na seirbhísí luasaire gnó freisin rochtain a éascú ar bhonneagair thaighde agus theicneolaíochta agus ar ghníomhaíochtaí líonraithe, chomh maith lena n-úsáid a éascú. Ina theannta sin, tugadh isteach tuairisc ar chúraimí atá cosúil le ARPA (Gníomhaireacht um Thionscadail Ardtaighde) do bhainisteoirí clár chun a bhfuil i gceist leis an gcur chuige sin a shoiléiriú. Tá tuairimí éagsúla ann maidir leis an leibhéal neamhspleáchais atá le tabhairt. Mar gheall ar sheasaimh éagsúla maidir le cistiú le haghaidh feidhmeanna cosanta trí chur chuige atá cosúil le DARPA (Gníomhaireacht um Thionscadail Ardtaighde Cosanta) amháin, cuireadh an téacs i gcló trom iodálach chun leanúint den chaibidlíocht maidir le réiteach a d'fhéadfadh a bheith ann. Feictear don Uachtaránacht go bhféadfadh trí réiteach a bheith ann: an togra ón gCoimisiún a leanúint agus forbairt a dhéanamh air dá réir sin; próiseas a shainiú a d'fhéadfadh cur chuige atá cosúil le DARPA faoi CNE a chothú le cistí ó chuid chosanta CEI; nó cur chuige atá cosúil le DARPA a chur isteach faoi chuid chosanta CEI chun na hinfheistíochtaí uile a bhaineann leis an gcosaint, agus léi sin amháin, a thabhairt le chéile. Le linn an phlé, thacaigh na Ballstáit den chuid is mó leis an dá rogha dheireanacha go dtí seo. Cuirtear isteach aithris nua 15a lena mínítear deimhniú na gclár agus na gcomhlachtaí náisiúnta don scéim Breiseáin.

51. In Airteagal 34, sonraíodh go bhféadfar deontais aistriú CNE a dhámhachtain gan glaonna ar thograí, má shonraítear sin sna cláir oibre, ar mholadh ó bhainisteoir an chláir agus ar chomhairle ó shaineolaithe seachtracha neamhspleácha. Ina theannta sin, sonraíodh go bhféadfaidh an luasaire CNE tacú le cuideachtaí meánchaipitlithe beaga i gcásanna eisceachtúla. Thairis sin, cuireadh téacs isteach lena sonraítear go gcaithfear le dí-infheistíochtaí ó Chiste CNE mar athshreabha chuig Ciste CNE, lena léirítear an fhoclaíocht chomhchosúil a úsáidtear in CEI.

52. I g**Clár Sonrach** Airteagal 12, méadaíodh téarma oifige uachtarán Bhord CNE go 4 bliana, agus féadfar an téarma oifige sin a athnuachan aon uair amháin. Tá taithí chruthaithe curtha leis na héilimh atá á ndéanamh i bhfianaise próifíl ard an róil. Maidir le comhaltaí Bhord CNE, cuireadh an dáileadh téamach leis na gnéithe a bhfuil cothromaíocht le haimsiú eatarthu.

*Éiceachórais nuálaíochta*

53. Sa **Chlár Réim**e, sonraítear in Airteagal 17 tacaíocht do ghníomhaíochtaí a bhaineann le tosaíochtaí straitéiseacha agus béim á leagan ar éiceachórais nuálaíochta trasnáisiúnta nasctha a chruthú. Tá sineirgí le príomh-chomhpháirteanna eile den Chlár Réime le saothrú freisin. Tá an chuid d'Airteagal 17 a bhaineann le tacaíocht do ghníomhaíochtaí chun comhtháthú thriantán an eolais a chothú fós oscailte toisc gur chuir roinnt Ballstát in iúl go raibh imní orthu nár áiríodh an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) sa togra ón gCoimisiún agus d'iarr siad go gcuirfí isteach an athuair í. D'iarr roinnt Ballstát soiléiriú freisin maidir leis an easnamh sin agus maidir le staid EIT agus a Phobail Eolais agus Nuálaíochta sa chéad chlár Fís Eorpach eile. B'fhearr le roinnt Ballstát, áfach, fanacht leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán EIT, a bhfuiltear ag súil leis faoi dheireadh 2026. Ar an gcúis sin, cuireadh an téacs i gcló trom iodálach le haghaidh tuilleadh plé, lena n-áirítear sa Chlár Sonrach, Airteagal 13, agus iarradh ar an gCoimisiún freisin páipéar leathoifigiúil a chur ar fáil maidir le EIT chun na Ballstáit a chur ar an eolas faoi.

54. In Airteagal 13 den **Chlár Sonrach**, cuireadh taighdeoirí leis na geallsealbhóirí chun tairbhe a bhaint as moil nasctha a bhunú agus as tacaíocht a thabhairt dóibh. Maidir le gníomhaíochtaí a thacaíonn le héiceachórais nuálaíochta uile-Eorpacha a fhorbairt, sonraíodh an príomhchúram maidir le láidreachtaí agus acmhainneacht araon a chomhtháthú agus a threisiú. Tá an tacaíocht thiomnaithe do FBManna, do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú faoin bhfo-chomhpháirt sin den cholún nuálaíochta idirnasctha leis na fo-chomhpháirteanna eile, leis na moil nasctha agus le hiarrachtaí éiceachórais nuálaíochta chun cur chuige níos comhleanúnaí a sholáthar. Ina theannta sin, iarradh ar an gCoimisiún páipéar leathoifigiúil a chur ar fáil ina mbeidh tuairisc níos mionsonraithe ar na gníomhaíochtaí a bhfuiltear ag súil leo faoin gcomhpháirt seo den cholún nuálaíochta.

55. Tá roinnt saincheisteanna ar feitheamh a bhaineann leis an gcolún sin, arb iad sin an t-idirnasc soiléir idir CNE agus CEI, an cur chuige atá cosúil le DARPA faoi CNE agus todhchaí EIT ar gá tuilleadh airde a thabhairt orthu. Thairis sin, ba cheart go ndéanfaí faireachán ar rannchuidiú na n-éiceachóras nuálaíochta leis an timpeallacht infheistíochta a leagtar amach in ionstraimí CNE agus CEI.

**Bloc 5: An Limistéar Eorpach Taighde (LET)**

56. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil na hairteagail maidir le fairsingiú sa Chlár Réime agus sa Chlár Sonrach araon idir lúibíní cearnacha, rud arb oth le roinnt Ballstát.

57. Sa **Chlár Réime**, roinneadh Airteagal 18 ina thrí airteagal, agus príomh-chomhpháirteanna an cholúin sin á sonrú ag gach ceann acu, i.e. LET, an tsaoráid tacaíochta beartais, agus bonneagair thaighde agus theicneolaíochta a chur i gcrích.

*An Limistéar Eorpach Taighde*

58. Déantar tagairt san airteagal maidir le LET anois do shraith iomlán luachanna agus prionsabal LET agus an Chomhshocraithe um Thaighde agus um Nuálaíocht, in ionad liostú aonair neamhiomlán.

59. In Airteagal 14 den Chlár Sonrach, sonraíodh gur cheart iarracht chomhroinnte idir an tAontas agus a Bhallstáit a bheith i gcur i gcrích LET trí thosaíochtaí arna sainaithint agus arna gcomhaontú go comhpháirteach. Dá bhrí sin, ag feitheamh ar Ghníomh LET atá ar na bacáin, ní dhearnadh tagairt dhíreach do chláir oibre bheartais LET.

*Bonneagair thaighde agus theicneolaíochta*

60. Sa **Chlár Réime**, leagtar béim san airteagal nua, Airteagal 18a maidir le bonneagair thaighde agus theicneolaíochta, ar an ngá atá ag an Aontas le héiceachóras comhleanúnach agus nasctha de bhonneagair uile-Eorpacha agus de sheirbhísí gaolmhara. Soiléirítear san airteagal freisin go n-áirítear leis an tacaíocht suas le 20 % de na costais tógála a bhaineann le hacmhainneachtaí criticiúla nua den chéad scoth uasghráduithe móra ar na hacmhainneachtaí criticiúla atá ann cheana. Tá easaontas fós ann maidir leis an gcineál sin tacaíochta a thabhairt isteach mar gheall ar ábhair imní a bhaineann le roinnt de na hiarmhairtí eacnamaíocha a d’fhéadfadh a bheith ann dá bharr. Rinneadh iarracht aghaidh a thabhairt air sin sa Chlár Sonrach (féach thíos). Sonraíodh gur cheart an tAontas agus na Ballstáit na bonneagair sin a shainaithint agus a chomhaontú go comhpháirteach i bpróiseas oscailte, trédhearcach agus iomaíoch, bunaithe ar chritéir shoiléire. Cuirtear i dtábhacht in Aithris 19 gur cheart riachtanais straitéiseacha an Aontais a léiriú sa tacaíocht a thugtar do bhonneagair agus gur cheart breisluach Eorpach a chur ar fáil léi trí phleanáil chomhleanúnach fhadtéarmach agus trí infheistíochtaí comhordaithe a dhéanamh, lena n-áirítear obair an Fhóraim Straitéisigh Eorpaigh um Bonneagair Thaighde le haghaidh bonneagair thaighde a chur san áireamh, agus iarrtar inti go mbeadh fóram straitéiseach comhchosúil ann le haghaidh bonneagair theicneolaíochta. Pointe oscailte plé fós is ea an rogha atá ann go gcuirfeadh CEI cistiú ar fáil freisin do bhonneagair atá tábhachtach d’iomaíochas na hEorpa.

61. Rinneadh Airteagal 16 maidir le bonneagair thaighde agus Airteagal 17 maidir le bonneagair theicneolaíochta a chomhchuibhiú a mhéid is féidir sa **Chlár Sonrach,** i bhfianaise na ngníomhaíochtaí a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh, lena n-áirítear rochtain FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis chomh maith le comhar agus líonrú sa dá chineál bonneagair, nuair is infheidhme. Ina theannta sin, tugadh an téacs cothrom le dáta chun go mbeidh sé comhsheasmhach leis an gclár réime i bhfianaise na tacaíochta suas le 20 % de na costais do thógáil nó mór-uasghrádú bonneagar taighde agus teicneolaíochta den chéad scoth. San airteagal maidir le bonneagair theicneolaíochta, rinneadh forbairt ar an tacaíocht do ghníomhaíochtaí luachshocraithe chun dlús a chur le glacadh sa mhargadh. Tugadh isteach Airteagal 17a nua chun treoirchritéir a leagan amach chun tacú le tógáil nó mór-uasghrádú bonneagar taighde agus teicneolaíochta den chéad scoth.

**Bloc 6: Rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh**

*Incháilitheacht*

62. Sa **Chlár Réime**, leagtar amach in Airteagal 21 na critéir incháilitheachta. De bharr an éilimh ó thromlach mór na dtoscaireachtaí, tugadh an **séala barr feabhais** isteach arís chun aitheantas a thabhairt do thionscadail T&N ar ardchaighdeán faoin gclár Fís Eorpach nach bhfaigheadh cistiú (Féach freisin Airteagal 8 sna forálacha ginearálta). Ina theannta sin, cuireadh mír 1a isteach chun a shoiléiriú go bhféadfaidh aon eintiteas dlítheanach, lena n-áirítear eintitis dhlítheanacha de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó de chuid eagraíochtaí idirnáisiúnta, a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí faoin gclár Fís Eorpach. Ní áirítear leis sin rochtain ar chistiú a bhfuil na coinníollacha ina leith leagtha amach sna míreanna ina dhiaidh sin. Roinneadh mír 10 ina dhá ghníomhaíocht ar leith nach bhfuil incháilithe do chistiú ó na gníomhaíochtaí maidir le gaschealla daonna a fhéadfar a mhaoiniú. Leathnaíodh mír 11 maidir le foirceannadh chun mionsonraí níos fearr a thabhairt ar na coinníollacha do thionscadal faoin luasaire CNE, atá fós ina phointe plé do roinnt páirtithe. Ina theannta sin, cuireadh mír 12a isteach chun a shoiléiriú gur féidir critéir incháilitheachta bhreise a shonrú sna cláir oibre i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.

*Glaonna ar thograí*

63. Sonraítear in Airteagal 23 na glaonna ar thograí. Cuireadh isteach go bhfuil inneachar iomlán na nglaonna ar thograí le cur san áireamh sa chlár oibre. Theastaigh ó roinnt Ballstát go leagfaí amach iarratais dhá chéim agus meastóireacht dhall sa reachtaíocht seachas sna cláir oibre, mar ba ghnách. Bhí an t-ábhar mar chuid den díospóireacht níos leithne maidir le simpliú, a ndearna an Uachtaránacht iarracht dul chun cinn a dhéanamh ina leith, agus fágadh faoi na huachtaránachtaí a bheidh ann ina dhiaidh sin bailchríoch a chur air. Cuireadh mír eile leis chun foráil a dhéanamh gur cheart go sonrófaí sna cláir oibre freisin na glaonna ar a bhféadfaí an séala barr feabhais a dhámhachtain ina leith, in éineacht leis an séala iomaíochais.

*Sásra árachais fhrithpháirtigh*

64. Le hAirteagal 30 bunaítear rátaí ranníocaíochta sonracha le haghaidh an tsásra árachais fhrithpháirtigh, lena leagtar síos ráta caighdeánach 5 %, a fhéadfar a mhéadú go 8 % nó a laghdú go dtí faoi bhun 5 %. D'fhéadfadh gá a bheith leis na hathruithe ar rátaí mar gheall ar mhargaí luaineacha agus líon méadaithe úsáideoirí ó chláir eile lasmuigh den chlár Fís Eorpach. Tríd is tríd, ba dhíol sásaimh do na Ballstáit an méid breise sin.

*Scaipeadh agus luachshocrú*

65. Rinneadh Airteagal 32 a aththeidealú agus cuireadh pointe nua isteach i mír 1 maidir le hoibleagáidí tairbhithe torthaí a bhaineann leis an tslándáil a chosaint, ag tagairt do shócmhainní intleachtúla, mar fhreagairt ar ábhair imní atá ag dul i méid i measc na mBallstát maidir le slándáil taighde. Ós rud é go mbaineann Airteagal 32 freisin le CEI agus le cur chun feidhme beart slándála breise chun leasanna straitéiseacha an Aontais a chosaint, rinneadh iarrachtaí é a ailíniú le Fís Eorpach chun comhsheasmhacht a áirithiú idir an dá cheann.

*Soláthar réamhthráchtála agus soláthar poiblí réiteach nuálaíoch*

66. In Airteagal 33, chuir roinnt Ballstát in iúl gur mian leo tagairtí do threoracha atá ann cheana do sholáthróirí poiblí a chur san áireamh. D'áitigh an Coimisiún gur cumhdaíodh san Airteagal soláthróirí poiblí agus príobháideacha araon, chomh maith le soláthar réamhthráchtála agus tráchtála. Ní thugtar aghaidh orthu go léir sna treoracha atá ann cheana agus, dá bhrí sin, tá gá le téarmaíocht chomhchuibhithe sa chlár seo. Os a choinne sin, ní bhaineann na treoracha atá ann cheana ach le soláthar arna dhéanamh ag eintitis phoiblí.

## VI. <u>AN BEALACH CHUN CINN</u>

67. I bhfianaise staid na himeartha, measann an Uachtaránacht go bhfuil sé úsáideach machnamh a dhéanamh ar an méid seo a leanas chun leanúint den chaibidlíocht:

- na sé bhloc a chomhtháthú chun forálacha an Chláir Réime agus an Chláir Shonraigh, atá gaolmhar ó thaobh téama de, a chónascadh ina dtograí comhcheangailte iomlána chun forléargas soiléir agus comhsheasmhacht a áirithiú sa téacs chun athrá agus contrárthachtaí a sheachaint;

- dóthain ama agus iarrachta a thiomnú do phlé eolasach cuiditheach maidir le príomh-shaincheisteanna a bhfuil ábharthacht straitéiseach ag baint leo, lena n-áirítear trí cheardlanna teicniúla a úsáid i gcás inarb ábhartha, chun Creatchlár T&N a chur ar fáil lenar cheart tiomantas láidir an Aontais a léiriú do bharr feabhais eolaíoch, do cheannasacht theicneolaíoch agus d'uathriail straitéiseach atá in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh ann amach anseo.

## VII. CONCLÚIDÍ

68. Le linn a téarma, leag an Uachtaránacht béim straitéiseach ar dhul chun cinn na hoibre ar an gClár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus ar an gClár Sonrach lena gcuirtear an Clár Réime chun feidhme. Tá sé d'aidhm ag an Uachtaránacht idirphlé cuiditheach a chothú i measc na mBallstát agus plé cuimsitheach struchtúrtha a éascú chun an chaibidlíocht a chur chun cinn.

69. Mar thoradh ar na hiarrachtaí sin, cuireadh roinnt tograí comhréitigh i láthair le haghaidh gach colún den Chlár Réime agus den Chlár Sonrach. Creideann an Uachtaránacht go léirítear toradh maith sna téacsanna comhréitigh is déanaí[4], cé nach n-airbheartaíonn siad aon chomhaontú a léiriú, ag an gcéim seo den chaibidlíocht agus i bhfianaise na dtéacsanna atá fós le teacht. Tá gealltanas tugtha ag na toscaireachtaí leanúint den chaibidlíocht bunaithe ar an dul chun cinn atá déanta, agus é mar aidhm acu teacht ar chomhthoil maidir leis na saincheisteanna atá fós gan réiteach agus de réir na loighce nach mbeidh aon rud aontaithe go dtí go mbeidh gach uile rud aontaithe.

---

[4] 15308/25, 14839/25, 15671/25, 15314/25, 15638/25, 14838/25.